C/2026/2069

7.4.2026

# Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/2069)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

**(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)**

**‘Muscadet Coteaux de la Loire’**

**Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0495-AM02 — 8.1.2026**

1. **Ainm an táirge**

‘Muscadet Coteaux de la Loire’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Fhrainc

5. **An t-údarás náisiúnta a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

*Ainm*

An Aireacht Talmhaíochta agus Bhiafhlaithis

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar ATFC ‘Muscadet Coteaux de la Loire’ le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

(b) níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú caighdeánach an t-iarratas.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

*Teideal*

Lipéadú

*Tuairisc*

Chinn an grúpa táirgeoirí le haghaidh an ainmniúcháin aonad geografach níos leithne a úsáid chun na fíonta a shainaithint, is é sin an téarma 'Vin de Loire' a úsáid in ionad 'Val de Loire'.

Leanann an t-athrú sin na treoirlínte cumarsáide a ghlac táirgeoirí fíona an Loire.

Is é is aidhm dó an chéannacht a dhéanamh níos soiléire agus í a ailíniú níos dlúithe le réaltacht na bhfíonta a dhéanann táirgeoirí in abhantrach an Loire.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Forálacha agra-chomhshaoil a chur isteach

*Tuairisc*

Cuireadh dhá fhoráil agra-chomhshaoil sa tsonraíocht táirge, is é sin foráil maidir le fásra idir na rónna a bhainistiú agus foráil lena n-athraítear moirfeolaíocht na fo-ithreach. Is é is aidhm dó feabhas a chur ar inbhuanaitheacht an ainmniúcháin chun freagairt don athrú aeráide agus d'ionchais arda na sochaí.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Tús na buainte

*Tuairisc*

Is mian leis an ngrúpa táirgeoirí le haghaidh an ainmniúcháin deireadh a chur leis an gceanglas maidir le forógra buainte chun bainistíocht riaracháin a shimpliú agus an tráth céanna seiceáil ar aibíocht na bhfíonchaor a choinneáil ar bun.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Airde treilísithe

*Tuairisc*

Scriosadh an fhoráil lena leagtar síos airde íosta nó airde uasta na sreang, ag brath ar an modh treilísithe. I gcomhthéacs an athraithe aeráide, níl an fhoráil sin ábhartha a thuilleadh maidir leis an ainmniúchán, agus is leordhóthanach airde duilliúir, mar thoisc sa chóimheas idir duilleoga agus torthaí.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

An Cód Geografach a Thabhairt Cothrom le Dáta

*Tuairisc*

Tugadh na bardais sa limistéar geografach cothrom le dáta i gcomhréir le Cód Geografach Oifigiúil 2025. Ní athraíonn an leasú sin limistéar geografach an ainmniúcháin.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Dlús

*Tuairisc*

Laghdaíodh an dlús plandaithe go 5 000 fíniúin in aghaidh an heicteáir.

Is é is cuspóir don laghdú sin dlús plandaithe a chomhchuibhiú ar fud na ATFCanna uile i limistéar fíonsaothrúcháin Nantes. Laghdaíonn sé freisin an gá atá le níos mó innealra talmhaíochta ar ghabháltais, go háirithe uirlisí curaíochta agus trealamh cóireála amhail painéil téarnaimh. Ní mheastar go bhfuil tionchar ag an leasú sin ar cháilíocht an táirge.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Caighdeáin anailíseacha

*Tuairisc*

Baineadh an tairseach uasta aigéadachta luainí den tsonraíocht táirge.

Tá sé ráite ag an ngrúpa táirgeoirí le haghaidh an ainmniúcháin gur féidir é a bheith deacair an aigéadacht luaineach a theorannú go 10 meq/l (0,49 g/l $H_2SO_4$) i gcás aosú fada, rud a d'fhéadfadh a bheith suas le 8 go 10 mbliana uaireanta. Is cosúil go bhfuil an tairseach a leagtar síos sa reachtaíocht ghinearálta (18 meq/l nó 0,88 g/l $H_2SO_4$) níos iomchuí ar deireadh, go háirithe i bhfianaise an téimh dhomhanda, na n-amanna aosaithe níos faide le haghaidh na bhfíonta casta agus saibhre sin, agus ionchais athraitheacha tomhaltóirí.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Pacáistiú fíonta 'sur lie'

*Tuairisc*

Leasaíodh an fhoráil maidir leis an dáta pacáistithe is déanaí le haghaidh fíonta a bhfuil an lipéad 'sur lie' orthu chun níos mó solúbthachta a sholáthar agus chun í a ailíniú le cleachtais iarbhír na n-oibreoirí. Dá bhrí sin, cuireadh an dáta pacáistithe is déanaí siar go dtí an 30 Meitheamh den bhliain N+2.

Tá gníomhaíocht trádála á feidhmiú níos mó agus níos mó ag fíonsaothraithe an lae inniu freisin, agus a samhail ghnó á hoiriúnú dá réir sin. Go háirithe, is gnách trealamh buidéalaithe a chomhthiomsú idir roinnt gabháltas. Thairis sin, ar chúiseanna a bhaineann leis an aeráid, is minic go mbíonn na toirteanna is féidir a bhuidéalú go díreach ag aon fhíonlann amháin neamhleordhóthanach chun ceanglais toirte miondíoltóirí móra a chomhlíonadh. Fágann sé sin gur gá fíonta ó roinnt fíonlann a chóimeáil chun go mbeifear in ann baisceanna níos mó a sheachadadh.

I bhfianaise an mhéid sin, is cosúil go bhfuil an riail lena gceanglaítear pacáistiú a dhéanamh ag an bhfíonlann as dáta. Mar gheall ar dhul chun cinn teicniúil i réimse an iompair, go háirithe úsáid umar cuisnithe, is féidir anois a áirithiú nach n-athraítear cáilíocht na bhfíonta le linn iompair.

Dá bhrí sin, cuireadh síneadh ar an limistéar atá údaraithe le haghaidh pacáistithe, a bhí srianta go dtí seo don fhíonlann féin le haghaidh fíonta a bhfuil lipéad 'sur lie' orthu, chuig limistéar geografach an ainmniúcháin agus chuig an limistéar atá díreach in aice láimhe.

Leasaíodh an roinn maidir leis an nasc leis an limistéar geografach dá réir sin.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Ceanglais tuairiscithe

*Tuairisc*

I gcomhréir leis an leasú ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ATFC 'Muscadet' lena gcuirtear síneadh leis an tréimhse ama le haghaidh trasdoirte, cuireadh an sprioc-am chun dearbhú athaicmithe a chur isteach siar freisin go dtí tráth nach déanaí ná an 1 Nollaig den bhliain tar éis bhliain na buainte.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Nasc

*Tuairisc*

Leasaíodh an roinn maidir leis an nasc chun roinnt faisnéise (an líon oibreoirí, limistéir tháirgeachta, toirteanna) sa tuairisc ar na tosca daonna a thabhairt cothrom le dáta.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Beart idirthréimhseach

*Tuairisc*

Chuaigh an beart idirthréimhseach a bhaineann leis an limistéar dáileachta críochaithe in éag in 2020 agus dá bhrí sin scriosadh é ón tsonraíocht.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

*Teideal*

Tagairtí

*Tuairisc*

Tugadh sonraí teagmhála na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (*Institut national de l'origine et de la qualité*, INAO) cothrom le dáta.

Leasaíodh na socruithe chun comhlíonadh na sonraíochta táirge a sheiceáil.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

**Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíonta**

**'Muscadet Coteaux de la Loire'**

**Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0495-AM02 — 8.1.2026**

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Muscadet Coteaux de la Loire'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

*Táirge fíniúna*

Fíonta geala

*Tréithe orgánaileipteacha*

Cuma

Is fíonta geala iad na fíonta a chumhdaítear leis an ainmniúchán 'Muscadet Coteaux de la Loire'.

Dea-bholadh/Srón

Bíonn dea-bholaithe éadroma ar na fíonta, dea-bholaithe bláthacha den chuid is mó, bolaithe mianracha uaireanta, agus cothromaíocht bhlais a bhíonn i leith na húire.

Blas/Béal

Tá cothromaíocht bhlais ag na fíonta a bhíonn i dtreo úire de ghnáth.

I gcásanna áirithe, fágann aibiú fada go mbíonn siad oiriúnach don aosú.

Buidéalaítear iad go cúramach chun a saibhreas aramatach a chaomhnú agus a neartú.

*Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha*

-

*Saintréithe anailíseacha*

| | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): | - |
| Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): | - |
| Aigéadacht iomlán íosta: | - |
| Aonad aigéadachta iomláine íosta: | - |
| Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): | - |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): | - |

*Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha*

Tá ag na fíonta:

— neart alcóil nádúrtha íosta de 10 % de réir toirte;

— uasmhéid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) de 3 ghram in aghaidh an lítir;

— uasmhéid nirt alcóil iomláin de réir toirte tar éis an tsaibhrithe de 12 %.

Comhlíonann na fíonta na teorainneacha maidir le aigéadacht iomlán, cion dé-ocsaíde sulfair iomlán agus neart alcóil iarbhír iomlán a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais. Is fíonta socra geala tirime iad na fíonta.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

-

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Modh fáis

Tuairisc

Is é 5 000 fíniúin in aghaidh an heicteáir an dlús plandaithe íosta. Is é 2,20 méadar nó níos lú an fad idir na sraitheanna, agus is é idir 0,90 agus 1,10 méadar an spásáil idir phlandaí sa tsraith chéanna. Déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist, trí bhíthin prúnáil spoir agus cúig spor ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist nó trí bhíthin Guyot simplí nó dúbailte. Déantar prúnáil roimh an gcéim bhachlaithe nó céim 5 ar an scála Eichhorn agus Lorenz. Gan beann ar an modh prúnála, is féidir na fíniúnacha a phrúnáil agus ceithre bhachlóg bhreise i gceist in aghaidh an phlanda ar choinníoll nach bhfuil níos mó ná 12 bhrainse ann a tugann torthaí in aghaidh an phlanda sa bhliain ag an gcéim fheineolaíochta a chomhfhreagraíonn do 11 nó 12 dhuilleog.

Cleachtas fíoneolaíoch

-

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Toirmisctear aon chóireáil teasa a dhéanamh ar an mbuaint ag teocht faoi bhun -5 °C. Tar éis saibhriú, ní bhíonn neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte níos mó ná 12 %. Anuas ar an méid thuasluaite, comhlíonann na cleachtais fhíoneolaíochta a bhaineann leis na fíonta sin na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Fíonta geala

Uastáirgeacht:

| | |
|---|---|
| Uastáirgeacht: | 66 |
| Aonad uastáirgeachta: | heictilítir in aghaidh an heicteáir |

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Melon B

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

1. *Limistéar geografach*

Ní mór go dtarlódh gach céim den táirgeadh laistigh den limistéar geografach a d'fhaomh an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta ag cruinniú den choiste náisiúnta inniúil an 15 Meitheamh 2017. Maidir le teorainn an limistéir sin, ar an dáta ar a mbeidh an tsonraíocht seo formheasta ag an gcoiste náisiúnta ábhartha, beidh críoch na mbardas a leanas nó codanna díobh cuimsithe ann, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2025:

— Roinn Loire-Atlantique: Ancenis-Saint-Géréon, La Boissière-du-Doré, Carquefou, Le Cellier, Couffé, Divatte-sur-Loire (bardas tarmligthe Barbechat amháin), Ligné (go páirteach), Le Loroux-Bottereau (go páirteach), Mauves-sur-Loire, Oudon, La Remaudière, Thouaré-sur-Loire, Vair-sur-Loire.

— Roinn Maine-et-Loire: Mauges-sur-Loire (bardais tharmligthe La Chapelle-Saint-Florent agus Saint-Florent-le-Vieil amháin), Orée d'Anjou (bardais tharmligthe Bouzillé, Champtoceaux, Drain, Landemont, Liré agus La Varenne amháin).

Cuireann an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta na léarscáileanna lena mbunaítear teorainneacha an limistéir gheografaigh faoi bhráid hallaí baile na mbardas a áirítear go páirteach. Is féidir breathnú ar na léarscáileanna sin ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta.

2. *Limistéar dáileachta críochaithe*

Ní mór na fíonta a dhéanamh as fíonchaora a fhástar ar dháileachtaí talún atá lonnaithe sa limistéar táirgeachta arna bhformheas ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO) ag cruinnithe an choiste náisiúnta ábhartha an 19 Bealtaine 2011 agus an 20 Meitheamh 2018.

Cuireann an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta na léarscáileanna lena mbunaítear teorainneacha dháileachtaí talún an limistéir táirgeachta a formheasadh ar an gcaoi sin faoi bhráid hallaí baile na mbardas a liostaítear i mír 1.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

*Catagóirí an táirge fíniúna*

1. Fíon

*Achoimre ar an nasc*

Tá aeráid shéimh, réasúnta tirim agus ghrianmhar ag an limistéar geografach, atá faoi thionchar an Loire. Tá sé cnocach, le fánaí taobh leis an abhainn, agus is minic a bhíonn ithreacha garbha agus éadoimhne ann a fhorbraítear go príomha ar charraigeacha meiteamorfacha. De bharr scoilteadh na gcarraigeacha meiteamorfacha atá mar bhonn geolaíoch agus uigeacht gharbh na hithreach, is féidir leis na fíniúnacha fréamhacha doimhne a fhorbairt, rud a thugann soláthar uisce do na plandaí a laghdaítear de réir a chéile agus atá fabhrach d'aibiú fhíonchaora Melon B. Áirithítear leis an ngeimhreadh séimh go gcuirtear tús go luath le timthriall fáis na bhfíniúnacha, rud a fhágann gur féidir na fíonchaora a bhuain roimh bháisteach an fhómhair. Cuidíonn teochtaí measartha an tsamhraidh freisin leis an úire agus na dea-bholaithe atá sa chineál fíniúna gile éadrom sin a chaomhnú. Leis na leoithní aigéin a thaistealaíonn suas an Loire, laghdaítear bogthaise an aeir agus is féidir na fíonchaora a bhuain agus dea-riocht orthu, rud a chuireann, i bpáirt, le míne dhea-bholaithe na bhfíonta, go háirithe sna raonta bláthacha nó mianracha.

Tá stair fhada fíonsaothrúcháin an limistéir gheografaigh agus a speisialtóireacht luath i bhfabhar saineolas agus cleachtais a roinnt idir táirgeoirí le fada an lá. Agus iad ag iarraidh barántúlacht a dtáirgí a chosaint, fuair siad aitheantas ar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Muscadet Coteaux de la Loire' in 1936, rud a fhágann go bhfuil sé ar cheann de na hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint is sine sa Fhrainc.

Cuireann a saineolas ar a gcumas d'oibreoirí táirgeadh a rialú agus fíonchaora sláintiúla lánaibí a bhuain. I gcomhréir le nósanna áitiúla, aosaítear na fíonta ar a moirt fíonóireachta fhíneálta go dtí go seoltar nó go bpacáistítear iad, gan aon trasdoirteadh. Fágann teochtaí séimhe geimhridh an limistéir gheografaigh, arb iad is fearr don idirghníomhú leis an moirt, gur féidir leis na fíonta feabhsú le linn an aosaithe, iad ag éirí níos saibhre ón earrach dár gcionn. Trí bhuidéalú cúramach a dhéanamh, is féidir saintréithe fíor-riachtanacha an fhíona a chaomhnú, ós rud é go leanann cuid de na dea-bholaithe orthu ag forbairt tar éis an phacáistithe. Fágann an saineolas sin, atá oiriúnach go foirfe d'acmhainn an chomhshaoil nádúrtha agus don chineál Melon B, gur féidir leis na móilíní a bhfuil boladh láidir uatha a chruthaítear sa choipeadh agus do réamhtheachtaithe na ndea-bholaithe gliocóisídeacha teacht chun cinn go hiomlán sna fíonta.

Agus iad buidéalaithe roimh shamhradh an dara bliain tar éis na buainte, coinníonn fíonta ar a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint arna fhorlíonadh leis na focail 'sur lie' a n-úire shaintréithiúil, a fheabhsaítear uaireanta le súilín beag mar gheall ar an dé-ocsaíd charbóin iarmharach a chruthaítear le linn coipthe. Chun aon ocsaídiú a chosc, buidéalaítear na fíonta go díreach laistigh den limistéar geografach nó den limistéar díreach in aice láimhe. Oireann an cleachtas traidisiúnta sin, a íoslaghdaíonn láimhseáil, go foirfe do chomhdhúile dea-bholaidh éadroma na bhfíonta a chaomhnú.

Mar thoradh ar láithreacht uileláithreach an Loire, suíomh an limistéir gheografaigh ag meán-achar idir cathracha Nantes agus Angers, agus dinimiceas chalafort Ancenis, tá forbairt stairiúil tagtha ar an limistéar fíonsaothrúcháin tráchtála agus chuir sin lena rath. A bhuí lena n-úire agus lena ndea-bholaithe míne, tá bonn leathan custaiméirí bainte amach ag na fíonta agus tá siad ina ngné lárnach in iliomad bialann atá suite ar bhruacha an Loire. Téann siad go maith le bia mara, agus níos fearr fós le hiasc *au beurre blanc*, oideas áitiúil a théann siar go dtí an 19ú céad.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

*Teideal an cheanglais/an mhaolaithe*

Limistéar díreach in aice láimhe

*Creat dlíthiúil*

Reachtaíocht náisiúnta

*Cineál an cheanglais/mhaolaithe breise*

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

*Tuairisc ar an gceanglas/maolú*

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú de mhaolú chun fíonta a dhéanamh agus a fhorbairt agus chun fíonta a dhéanamh, a fhorbairt, a aosú agus a bhuidéalú, ar fíonta iad a fhéadfar a lipéadú mar 'sur lie', cuimsítear críoch na mbardas i ranna Loire-Atlantique, Maine-et-Loire agus Vendée atá liostaithe sa tsonraíocht táirge.

I gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún, comhfhreagraíonn an limistéar atá díreach in aice láimhe do limistéar atá díreach in aice leis an limistéar críochaithe atá i gceist.

*Teideal an cheanglais/an mhaolaithe*

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

*Creat dlíthiúil*

Reachtaíocht náisiúnta

*Cineál an cheanglais/mhaolaithe breise*

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

*Tuairisc ar an gceanglas/maolú*

Féadfar na focail 'sur lie' a chur i ndiaidh ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa tsonraíocht táirge maidir le húsáid an táisc sin. Is féidir an t-ainmniúchán geografach 'Vin de Loire' a chur i ndiaidh ainm an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa tsonraíocht táirge. Méid litreacha na bhfocal 'sur lie' agus an ainm gheografaigh 'Vin de Loire', ní fhéadfaidh siad a bheith níos mó, ar airde, ar leithead, ná ar tiús, ná méid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint. Ní mór d'fhíonta ar a bhfuil an lipéad 'sur lie' bliain an fhíona a lua freisin. I gcás fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, féadfar aonad geografach níos lú a shonrú ar a lipéid, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid seo a leanas: - is logainm cláraithe é; - tá sé le feiceáil ar an dearbhú buainte. Ní an logainm a phriontáil i litreacha nach mó (ar airde, ar leithead ná ar tiús) ná leath de mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint. Ní mór dó a bheith sa réimse amhairc céanna le hainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

*Teideal an cheanglais/an mhaolaithe*

Pacáistiú sa limistéar críochaithe

*Creat dlíthiúil*

Reachtaíocht náisiúnta

*Cineál an cheanglais/mhaolaithe breise*

Pacáistiú sa limistéar críochaithe

*Tuairisc ar an gceanglas/maolú*

Ní mór fíonta a fhéadfar a lipéadú mar 'sur lie' a bhuidéalú laistigh den limistéar críochaithe. Chun na saintréithe a eascraíonn as a bhfíonóireacht agus as a n-aosú a chaomhnú – go háirithe a n-úire agus a ndea-bholaithe casta agus an súilín beag a eascraíonn as a n-ocsaíd charbóin a fhaightear go nádúrtha – agus chun scinceáil a choinneáil chomh híseal agus is féidir, ní mór fíonta a fhéadfar a lipéadú mar 'sur lie' a bhuidéalú laistigh den limistéar geografach nó den limistéar díreach in aice láimhe idir an 1 Márta den bhliain tar éis na buainte agus an 30 Meitheamh den dara bliain tar éis na buainte.

Leis an modh aosaithe sonrach sin déantar fíonta a bhíonn maothlach agus olartha, mar saibhrítear iad, go háirithe, le mannapróitéiní agus comhdhúile eile mar thoradh ar uathalú na gcillbhallaí giosta. Bunaítear an modh sin ar ligean do na fíonta suí agus iad a choimeád in atmaisféar lán le dé-ocsaíd charbóin, rud a theorannaíonn go mór ocsaídiú agus scaoileadh na gcomhdhúile so-ghalaithe. Bíonn an méid dé-ocsaíd charbóin sna fíonta ró-ard chun iad a phacáil i gcoimeádáin sholúbtha, mar sin cuirtear i mbuidéil iad agus bíonn gá le cúram ar leith le linn an bhuidéalaithe. Fanann na fíonta ar a moirt fíonóireachta fhíneálta tráth na pacála nó nuair a sheoltar ón bhfíonlann ar dtús iad.

**Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge**

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-1c85e139-c8cd-4ce4-aa5e-22fc6f165a6d